

Rang a Cúig & Rang a Sé/P7



POBAIL INA MBÍONN ...

CREIDEAMH

FOGHLAIM

GRÁ

TEACHT ANIAR

DÓCHAS



Rang 5 & 6:

Ón gCuraclam – Leibhéal 4

| An Creideamh Críostaí | Briathar Dé |
|---|--|
| <p>Rúndiamhair an Chreidimh</p> <ul style="list-style-type: none">Is é Dia an grá.Tá grá Dé buan, síoraí, gan choinníoll (Ís 54:8; Iar 31:3; CCC 220).Tá Dia beo inár gcroí istigh: 'Is ann a mhairimid, agus a ghluaisimid, agus ataimid' (Gníomh 17:28; CCC 300).Tríd an gCreideamh a bhronn Dia orainn, cuirimid sinn féin faoi choimirce Dé (GDC 55; CCC 150, 153, 179, 227).Tugtar dúshlán an chreidimh ionainn má bhíonn taithí againn ar an fhulaingt is an olc, an éagóir nó an bás (CCC 164). <p>An Saol Síoraí</p> <ul style="list-style-type: none">Leanfaidh gach rud maith ar domhan i Ríocht Neimhe. Cabhraíonn gach cineáltas, flaithiúlacht agus freastal le Ríocht Neimhe a thógáil. | |
| Liotúirge & Urnaí | An Mhoráltacht Chríostaí |
| <p>Urnaí</p> <ul style="list-style-type: none">Urnaí is ea an intinn is an croí a dhíriú ar Dhia, nó grásta a lorg uaidh (CCC 2559, 2562-63).Urnaí í gaol pearsanta a bhunú le Dia (CCC 2558, 2565).Urnaí den ghrá chiúin is ea an urnaí rinnfheithimh, bheith i láthair Dé.Bíonn tionchar ag an urnaí ar an meoin atá againn, agus ar na gníomhartha a dhéanaimid (CCC 2725). | <p>Saoirse an Duine agus Freagracht</p> <ul style="list-style-type: none">Cuireann Dia glao orainn, tá an tsaoirse againn freagra a thabhairt (glao).Déanann an duine iomlán an rogha idir an mhaith agus an t-olc go mothúchánach, le réasún. <p>Láithreach Ghrástúil agus Fóirithint Dé</p> <ul style="list-style-type: none">Cabhraíonn luachanna agus teagasc Chríost linn na cinní cearta a dhéanamh.Déanann na Críostaithe an mhaith toisc gur cheart í a dhéanamh, agus de bharr an ghrá atá againn d'Íosa (CCC 1828). <p>Teagasc Sóisialta na hEaglaise</p> <ul style="list-style-type: none">Múineann Íosa dá lucht leanta a bheith comhbhách, measúil, fulangach. |



An Luan – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh

25 Eanáir 2021

‘Agus deirim libh, iarraigí agus tabharfar daoibh; lorgaígí, agus gheobhaidh sibh; buailigí agus osclófar daoibh’ (Lúcás 11:9).

Smaoinigh:

- Cabhraíonn an creideamh linn ag amanna deacra. Bronntanas luachmhar ó Dhia é, ach ní fhásfaidh sé mura mbíimid á chothú.
- Léiriú amháin dár gcreideamh is ea an urnaí. Nuair a bhíonn strus nó buairt orm is féidir liom guí chun Dé. Má bhíimid ag guí tá am á chaitheamh in éineacht le Dia againn, agus déanaimid an gaol atá eadrainn a dhoimhniú. Tuigimid go mbíimid i gcónaí i bhfochair a chéile.
- Níorbh fhéidir linn cuairt a thabhairt ar theach Dé i rith na paidéime seo, ach bhí deis againn mar sin féin iompú chuige tríd an bpaidreoireacht, le ceist a chur air cabhair a sholáthar dúinn déileáil i gceart leis an ngéarchéim.
- Bíonn Dia de shíor ag éisteacht linn.

Scrúdaigh:

- Ar chuala tú an frása faoi bheith ‘ar bheagán dóchais’?
Cad is brí leis an bhfrása seo?
Conas a léirímid an dóchas i nDia?
- Smaoineimis inniu ar an mbealach inar féidir linn an creideamh a dhoimhniú tríd an urnaí.
Cathain a dhéanaimid urnaí?
Cad a lorgaímid ón urnaí?
Conas a dhéanaimid urnaí?
- Tá iliomad bealaí ann le guí a dhéanamh: Is féidir liom guí os ard mé féin, nó is féidir linn guí lena chéile mar rang, nó ar Aifreann.
- Is féidir guí chiúin mhachnamhach a dhéanamh. Má shuímid siar go ciúin bíonn deis feabhsaithe againn éisteacht le teachtaireacht Dé dúinn. Tugtar machnamh Críostaí ar an saghas seo urnaí.
- Nuair a bhíonn buairt intinne orainn, samhlaítear dúinn go mbíonn na smaointe ag rith is ag rás ionainn. Nuair a tharlaíonn a leithéid, is féidir urnaí a chur in airde chun Dé agus bronnfaidh sé neart agus sólas orainn.



Gníomhaíocht:

Sa ghníomhaíocht inniu scrúdóimid an phaidreoireacht a dtugtar urnaí Taizé air. I dtosach báire caithfear próca gealra a dhéanamh.

A bheidh uait:

1 próca beag trédhearcach

Uisce

Gealra

Cuir uisce sa phróca go mbíonn sé lán, beagnach. Cuir beagán ghealra san uisce. Cuir an barr ar an bpróca, agus déanamh deimhin de nach silfidh sé.

Nuair a thagann am urnaí, tabhair croitheadh maith don phróca agus leag ar an mbord os do chomhair é.

Nuair a bhíonn buairt orainn bíonn na smaointe ar nós an ghealra sa phróca croite, ag rás thart trína chéile. Nuair a mhothaímid amhlaidh is féidir linn iompú chun Dé agus guí a dhéanamh.

Déanfaimid an corp a shocrú i dtosach báire.

Suigh siar leis an dá chois seasta ar an urlár, na lámha ar na glúine nó ar an mbord os do chomhair.

Glac anáil dhomhain.

Déan iarracht an intinn a ghlanadh.


Dún na súile. Bíonn sé deacair gan smaoineamh ar íomhá éigin. Bíonn na smaointe ar nós an ghealra sa phróca croite, ag rás thart trína chéile.

Tá ábhar dhíriú intinne ann a chabhródh leis an inchinn a dhéanamh socair. Bainfimid úsáid as frása a thugann le fios dúinn go mbíonn Dia i gcónaí inár dteannta againn.

Is é an frása ná: 'A Thiarna éist le mo ghuí.'

Iarr ar an rang é a rá lena chéile.

Lean leis an nguí ar bhealach ciúin mall. Chaith roinnt ama ag suí siar agus an phaidir á rá ag cách go ciúin lena chéile. Is féidir ceol uirlise oiriúnach íseal a sheinm sa chúlra.





An Mháirt – Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Foghlama

26 Eanáir 2021


‘Taispeáin do shlite dom a Thiarna, agus déan do chosáin a mhúineadh dom’ (Salm 25:4).

Smaoinigh:

- Pobail fhoghlama iad na scoileanna Caitliceacha. Foghlaimimid lena chéile gach lá.
- Foghlaimimid ó dhea-shampla a chéile sna scoileanna Caitliceacha.
- Is minic a fheictear sa stair gur chuir daoine a gcuid muinín i nDia in am na géarchéime, agus go ndearnadar gach iarracht maireachtáil mar fhinnéithe ar ghrá Dé. Is féidir linn glacadh leis an dea-shampla seo agus a bheith mar fhinnéithe ar ghrá Dé i measc an phobail trí na gníomhartha a dhéanaimid.

Scrúdaigh:

- Arís agus arís i rith na paindéime, bhí an dóchas agus an cineáltas le sonrú i measc phobal an chreidimh is an teacht aniar. Cé go raibh an eagla is an fhulaingt rompu, d’iarradh ar dhaoine i measc an phobail agus ar fud an domhain cabhair a sholáthar do dhaoine eile, agus fianaise a thabhairt mar sin ar an gcreideamh a chleachtann siad.
- Chonaiceamar go leor samplaí i rith na paindéime, de ghnáthdhaoine a chuir a gcuid beatha féin i mbaol le cabhair a sholáthar do dhaoine eile.
- Pléigh leis an rang an saghas duine a chuir an cabhair sin ar fáil do dhaoine eile m.sh., dochtúirí, altraí, lucht ghlantachán ospidéal, oibríthe ospidéil eile, oibríthe cúraim, daoine seachadta agus araile.
- Is minic a chuirtear glao ó Dhia ar dhaoine, freagairt dheimhneach a thabhairt, agus go spreagann grá Dé iad le dul amach i measc an phobail agus cabhair a sholáthar do na daoine gátaracha. Tá sampla den duine a d’fhreagair glao Dé agus a chuaigh i measc an phobail leis an gcabhair sin a sholáthar le sonrú i scéal Maximilian Kolbe. Spreag an creideamh agus an dóchas a bhí aige i nDia é, lena bheatha a thabhairt ionas go mairfeadh duine eile. Múineann an scéal seo dúinn go mbronnann grá Dé an neart orainn an grá sin a léiriú do dhaoine atá in am an ghátair.





Gníomhaíocht 1:

Léigh an scéal seo don rang:

Cuireadh ceist ar Maximilian Kolbe grá Íosa a léiriú ina shaol féin. Sagart Polannach ab ea é. I rith Chogadh Domhanda II ghaibh airm Hitler seilbh ar an bPolainn. Rug na Naitsithe ar an Athair Kolbe toisc go raibh sé ag cabhrú leis na Giúdaigh. Cuireadh chuig sluachampa géibhinn an uafáis Auschwitz é, chomh maith le 320 duine eile. Ba é 16670 an uimhir a bhronnadh air, agus bhí sé faoi choimeád i mbloc cillíní 14. Caitheadh go dona leis ansin, ach ní dhearna sé gearán riamh. Thug na príosúnaigh eile le fios gur duine neamhleithleach a bhí ann, agus gur roinn sé an beagán bia a tugadh dó leis na géibheannaigh eile.

I rith na hoíche 14 Iúil 1941, d' éirigh le príosúnach éalú ón gcampa. Mar dhíoltas air, roghnaigh gardaí an champa deichniúr go fánach, a mharófaí go mall iad trí bhás le hocras. Roghnaíodh fear a bhí in aice leis an Athair Kolbe, darbh ainm Proinsias, le go gcuirfí chun báis é.

Nuair a roghnaíodh Proinsias, theip an misneach air agus thit sé ina chnap ag olagón faoina bhean chéile is na páistí gan a bheith ábalta teacht slán ón ngannchúis ina dhiaidh. Ghoill sé ar an Athair Kolbe gur fear pósta a raibh clann air ab ea Proinsias, agus d'iarr sé láithreach ar na húdaráis go ligfí dó a áit siúd a ghlacadh. Ghlac an ceannfort leis an malartú, agus tugadh an tAthair Kolbe agus an naonúr bocht eile chun siúil. Tugadh instealladh aigéadach an duine don deichniúr agus fuair siad bás. Thug an tAthair Kolbe a bheatha uaidh le go dtiocfadh an fear eile slán. D'fhreagair sé an glao le freastal ar an duine eile. Thug sé an fhulaingt faoi deara agus spreag grá Dé é leis an rogha dheacair sin a dhéanamh. D'ofráil sé a bheatha mar an íobairt is mó, le cabhrú leis an duine eile.

Iarradh ar go leor daoine i rith na paindéime an rogha dheacair a dhéanamh - na daoine sin a chuir a mbeatha féin i mbaol le haire a thabhairt don duine eile ach go háirithe.

Gníomhaíocht 2:

Scríobh paidir bhuíochais ar son na ndaoine a rinne go leor íobairtí le cabhair a sholáthar do dhaoine eile i rith na paindéime.

Focail thosaigh ...

A Thiarna Íosa, guim ar son ...

A Íosa, iarraim ort go ...

Beannaigh, le do thoil ...

A Dhia, buíochas leat as ...



An Chéadaoin – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Ghrá

27 Eanáir 2021

Lá na Seantuismitheoirí – Grá idirghlúine

‘Tá trí nithe ann atá buan más ea: creideamh dóchas agus grá,
ach is é an grá an ní is mó orthusan’ (1 Cor 13:13).

Smaoinigh:

- Bíonn ról tábhachtach ag na Seantuismitheoirí maidir leis an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh á cheiliúradh sna scoileanna i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha gach uile bhliain. Caithfear an grá idirghlúine seo a cheiliúradh agus a chothú i mblíana ach go háirithe, nuair a scaradh go leor paiste ó na seantuismitheoirí a bhí ag clutharú.
- Bíonn tionchar leanúnach ag an bpaindéim seo ar an saol, agus tharlódh sé nach bhféadfadh na seantuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scoil mar a tharlaíonn de ghnáth. Caithfear leanúint leis an ngrá atá againn do na seantuismitheoirí a léiriú, agus ceiliúradh a dhéanamh ar an méid a dhéanann siad dúinn.

Scrúdaigh:

- Tugann na seantuismitheoirí grá gan teorainn dúinn, díreach mar a dhéanann Dia é. Léiríonn siad an grá seo ar iliomad bealaí. Ceann de na bealaí ina ndéanann siad a leithéid ná tríd an aithne a chuir siad ar Dhia, agus an tábhacht a bhaineann leis ina saol féin a léiriú dúinn.
- Déan na daltaí a spreagadh le litreacha a scríobh a chuirfidh an grá atá acu do na seantuismitheoirí in iúl dóibh. (Is féidir é a dhéanamh ar son na ndaoine ar shlí na ffrinne chomh maith). Mura mbíonn deis ann Lá na Seantuismitheoirí a cheiliúradh ar scoil, seans gur mhaith le ranganna a trí go dtí a sé, mionthionscadail a ullmhú maidir leis na seantuismitheoirí.
- Is féidir agallamh a chur ar sheantuismitheoirí, na ceisteanna thíos a chur orthu, agus na freagraí a scríobh síos. Bheadh ar chumas na ndaltaí indibhidiúla an obair a chur le chéile agus é a mhaisiú le cur ar taispeánt sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile ar scoil.
- Smaoinigh ar chuimhne thábhachtach amháin atá agat maidir le ham a chaitheamh le seantuismitheoirí. Scríobh paidir ghearr a ghabhann buíochas le Dia as na seantuismitheoirí iontacha atá agat.





Ceisteanna:

1. Cé mhéad duine a bhí sa líon tí? Cé mhéad deartháir agus deirfiúr a bhí agat?
2. Cén scolaíocht a bhí agat? Cad é an t-ábhar scoile ab fhearr leat?
3. Cén cluichí a d'imir sibh ar scoil? Cé a bhíodh ag imirt leat? Ar thaitin an léamh leat?
4. Cén leabhar is mó a thaitin leat?
5. Cén t-am den bhliain is mó a thaitin leat?
6. Cad iad na rudaí a ndearna sibh ceiliúradh orthu? Cén áit a ndearna sibh é?
7. Cén cara ab fhearr leat?
8. Cad iad na rudaí a rinne sibh lena chéile?
9. An raibh peata agat?
10. Cad é an bia ab ansa leat?
11. An cuimhin leat faoin gCéad Chomaoín, nó faoin gCóineartú?
12. Cén phaidir ba mhó a thaitin leat agus tú ag fás aníos?
13. Cén chuimhne atá agat maidir le mo bhreith?





An Déardaoin – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Teacht Aniar

28 Eanáir 2021

‘Bíonn an Tiarna i ngar don lucht coscartha’ (Salm 34:19).

Smaoinigh:

- Tarlóidh drochrudaí inár saol nach mbeidh neart ar bith againn orthu. Ceann de na dúshláin is mó a chuirtear romhainn ná glacadh le cailliúint nó le héag na ndaoine nó na rudaí a raibh ardmheas againn orthu. Is mór an sólás dúinn gur féidir linn brath ar Dhia le cabhrú linn ag an am deacair sin.

Scrúdaigh:

- Má tharlaíonn an chailliúint, is nádúrtha an rud é go mothóimis brónach, nó uaigneach, nó eaglach fiú. Ní comhartha laige é a bheith ag caoineadh. Is cabhrach an rud é uaireanta, na mothúcháin a nochtadh. Ní gá go mbeadh cuma an mhisnigh i gcónaí ort. Cad is brí le ‘cuma an mhisnigh’? Cathain ab fhearr cuma an mhisnigh a bheith ort? Má chailleann d’fhoireann ag an gcluiche peile? Nuair a thugtar cuairt ar an dochtúir nó ar an bhfiacloir? Má bhíonn orainn labhairt os comhair an tslua, nó a bheith ag léamh ar Aifreann?
- Bhí ar dhaoine aghaidh an mhisnigh a chur orthu féin i rith na paindéime toisc nach bhféadfaí a bheith in éineacht le cairde nó le gaolta. Ghoill an chailliúint sin agus easpaí eile orainn. Déan brí an fhocail ‘dianghlasáil’ a phlé leis an rang, agus an taithí a bhí acu i rith na paindéime.
- Scrúdaigh leis an rang na saghsanna cailliúna a tharla dóibh de bharr na dianghlasála. Ní fhéadfaí cuairt a thabhairt ar chairde nó ar ghaolta. Ní fhéadfaí dul ar saoire. Ní fhéadfaí dul ar scoil. Chaill daoine a gcuid poist dá bharr. Ní fhéadfaimis dul ar Aifreann. Chaill daoine áirithe gaolta nó cairde de bharr an víris.
- Cad iad na bealaí ina d’éirigh linn déileáil leis an gcailliúint a tharla dúinn? Rinne daoine breis aclaíochta, d’fhásadar glasraí, rinneadar obair scoile sa bhaile, labhair siad leis na gaolta ar Zoom, bhreathnaigh siad ar an Aifreann ar an teilifís.
- Má bhímid uaigneach, brónach nó eaglach, is féidir linn glaoch ar Dhia ár nAthair. Nuair nach bhféadfaimis freastal ar theach an phobail, d’fhéadfadh cuid againn páirt a ghlacadh san Aifreann ar an ríomhaire. Is féidir guí a dhéanamh áit ar bith, ag am ar bith. Cad iad na háiteanna is fearr leis an rang le guí a dhéanamh iontu, agus ag cén t-am den lá?

Gníomhaíocht:

AN BOSCA URNAÍ

Má bhímid uaigneach, brónach nó eaglach, is féidir linn glaoch ar chabhair Dé. Is féidir cabhair agus tacaíocht Dé a lorg pé áit nó pé uair is mian linn. Bíonn cluas le héisteacht ar Dhia i gcónaí. Cuir bosca cairtchláir le gearradh ann ar bharr, i Spás Beannaithe an tseomra ranga. Cuir lipéad a deir ‘Ár mBosca Urnaí’ air. Déan fótachóipeanna den bhileog oibre le scaipeadh ar na daltaí.

Mínigh don rang go bhfuiltear chun paidir phríobháideach chun Dé a scríobh inniu. Caitheann gach páiste roinnt ama ag scríobh na hurnaí, agus á maisiú, i ndiaidh an phlé. Nuair a bhíonn an phaidir scríofa agus maisithe acu, filltear an leathanach agus cuirtear sa bhosca é. Meabhraigh do na daltaí go mbíonn Dia i gcónaí ag éisteacht linn nuair a bhímid ag guí. Bíonn meas ag Dia ár nAthair ar na paidreacha sin. Ag am urnaí i rith an lae abair leis an rang na paidreacha a chuir siad sa bhosca a thabhairt chun cuimhne.



Mo Phaidir Speisialta chun Dé

A spiral-bound notebook page with 20 horizontal lines for writing. The spiral binding is on the left side.



An Aoine – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Dóchais

29 Eanáir 2021

‘Go ndéana Dia an dóchais sibh a líonadh den áthas agus den tsíocháin uile sa chreideamh ar shlí go mbeidh raidhse den dóchas agaibh trí chumhacht an Spioraid Naoimh’ (Rómh 15:13).

Smaoinigh:

- Múineann an creideamh dúinn ár muinín a chur i nDia. Is tríd an gcreideamh a bhímid oscailte chuige glacadh le grá Dé, an grá a bhronnann an dóchas orainn. Eascraíonn an dóchas ón gcreideamh i nDia.
- Cuireann an dóchas ar ár gcumas a thuiscint go mbaineann an creideamh ní hamháin leis an rud a chreidimid, ach leis an mbealach ina mairimid chomh maith. Spreagann an dóchas muid le fíís Dé dúinn a chur i gcrích. Nuair a bhíonn an dóchas ionainn is féidir linn freagra deimhneach a thabhairt ar ghlaó Dé, cabhrú leis an duine eile. Nuair a céasadh Íosa ar an gcros tugadh le fios dúinn nach mbíonn teorainn ar bith le grá Dé dúinn. Ní fhéadfaí a shamhlú go mbeadh a oiread sin ghrá ann dúinne. Is siombail í an chros d’íobairt is d’fhulaingt Íosa, ach is siombail mhór an dóchais chomh maith í, siombail de mhaithiúnas na bpeacaí agus den bhealach inar chloígh Críost an bás tríd an aiséirí.

Scrúdaigh:

- Ardaigh an chros chéasta os comhair chách. Cén t-eolas atá ag na daltaí mar gheall ar Aoine an Chéasta, ó scéal na Cásca?
- Nuair a smaoinimid ar Íosa ag fáil bháis ar an gcros, cuimhnímid ar an ngrá ollmhór a bhí aige dúinn. Is siombail mhór an dóchais í an chros chéasta. Cé gur fhulaing Íosa an céasadh agus an bás ar an gcros, rinne sé an bás a chloí nuair a d’aiséirigh sé.
- Scrúdaigh an Bíobla – Féach ar scéalta an aiséirí sa Bhíobla. Bronn na Bíoblaí ranga ar na daltaí. Má roinntear na scoláirí i meithle, is féidir na Bíoblaí a roinnt lena chéile, agus má bhíonn scaradh sóisialta méadair i gceist, agus mura mbíonn go leor Bíoblaí ann, is féidir obair agaithe a dhéanamh. Féach Matha 28:1-18; Marcas 16:1-20; Lúcas 24:1-21:25. Tabhair go leor ama do na daltaí na scéalta a léamh. Iarr ar pháistí indibhidiúla áirithe, achoimre ghearr a thabhairt os ard den scéal a léigh siad.

Gníomhaíocht:

Cros a dhéanamh mar shiombail an dóchais, agus i gcuimhne an ghrá atá ag Dia dúinn.

A bheidh uait:

- Cipíní líreacáin
- Gliú
- Dath/gealra agus mar sin de
- Ribín/téad

Greamaíonn gach páiste dhá chipín lena chéile i bhfoirm croise. Scríobhtar na focail ‘Gránn Íosa Mé’ agus na hainmneacha ar an gcros le marcóir. Spreag na scoláirí le hiad a mhaisiú. Greamaigh an ribín ar chúl agus croch sa Spás Beannaithe iad.